2024/234

16.1.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/234 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Eanáir 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí blaistithe áirithe a bhaint de liosta an Aontais

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le blastáin agus maidir le comhábhair áirithe bia a bhfuil airíonna blaistithe acu agus atá le húsáid i mbianna agus ar bhianna agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 agus Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus Treoir 2000/13/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 leagtar síos liosta Aontais de bhlastáin agus de bhunábhair a fhormheastar lena n-úsáid i mbianna agus ar bhianna agus coinníollacha a n-úsáide.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 872/2012 ón gCoimisiún ([3]), glacadh an liosta de shubstaintí blaistithe agus tugadh isteach é i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008. Féadfar an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil ó Bhallstát nó ó pháirtí leasmhar.

(3) Ar liosta an Aontais de bhlastáin agus de bhunábhair a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 tá, i measc nithe eile, roinnt substaintí blaistithe nach raibh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') in ann riosca le haghaidh shláinte an tomhaltóra a chur as an áireamh ina leith ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil tráth a glacadh an liosta le Rialachán (AE) Uimh. 872/2012 agus mheas sé, dá bhrí sin, go raibh gá le sonraí breise chun a mheastóireacht a chríochnú. Áiríodh na substaintí sin i liosta an Aontais de shubstaintí blaistithe ar choinníoll go gcuirfí isteach sonraí sábháilteachta lena dtabharfaí aghaidh ar na hábhair imní a chuir an tÚdarás in iúl sula ndeachaigh sprioc-amanna sonracha a bhunaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 in éag. Mar sin féin, maidir leis na hoibreoirí a bhí freagrach as na hocht substaint seo a leanas a chur ar an margadh mar shubstaintí blaistithe ar iarr an tÚdarás sonraí eolaíocha breise ina leith, níor chuir siad isteach na sonraí riachtanacha agus tharraing siad siar a n-iarratais: 2-Feinilpeint-2-éanal (FL Uimh. 05.175); 2-Feinil-4-meitil-2-heicséanal (FL Uimh. 05.222);
2-(tán-búitil)– 4,5-démheitil-3-tiasóilín (FL Uimh. 15.029); 4,5-Démheitil-2-eitil-3-tiasóilín (FL Uimh. 15.030); 2,4-Démheitil-3-tiasóilín (FL Uimh. 15.060); 2-Iseabúitil-3-tiasóilín (FL Uimh. 15.119); 5-Eitil-4-meitil-2-(2-meitiolpróipil)-tiasóilín (FL Uimh. 15.130); 5-Eitil-4-meitil-2-(2-búitil)-tiasóilín (FL Uimh. 15.131) ('na substaintí lena mbaineann'). Dá bhrí sin, ba cheart na substaintí lena mbaineann a bhaint de liosta an Aontais de shubstaintí blaistithe.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 a leasú dá réir.

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 34.
([2]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 1.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 872/2012 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2012 lena nglactar an liosta de shubstaintí blaistithe dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena dtugtar isteach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle é agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1565/2000 ón gCoimisiún agus Cinneadh 1999/217/CE ón gCoimisiún (IO L 267, 2.10.2012, lch. 1).

(5) Maidir le bianna inar cuireadh aon cheann de na substaintí lena mbaineann agus a cuireadh ar an margadh san Aontas nó a seachadadh ó thríú tíortha agus a bhí faoi bhealach chuig an Aontas roimh theacht i bhfeidhm don Rialachán seo, ba cheart cead a thabhairt iad a mhargú san Aontas go dtí a ndáta íosmharthanachta nó a ndáta éagtha. Níor cheart feidhm a bheith ag an mbeart idirthréimhseach sin maidir le hullmhóidí inar cuireadh aon cheann de na substaintí lena mbaineann agus nach bhfuil sé beartaithe iad a thomhailt mar atá siad, toisc go mbíonn fios ag na monaróirí táirgí bia a bhaineann úsáid as na hullmhóidí sin faoina gcomhdhéanamh nuair a bhíonn siad á n-úsáid.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Forálacha idirthréimhseacha

1. Maidir le bianna inar cuireadh aon cheann de na substaintí blaistithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus a cuireadh ar an margadh go dlíthiúil roimh theacht i bhfeidhm don Rialachán seo, féadfar iad a mhargú go fóill go dtí a ndáta íosmharthanachta nó a ndáta éagtha.

2. Maidir le bianna a allmhairítear isteach san Aontas agus inar cuireadh aon cheann de na substaintí blaistithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, féadfar iad a mhargú go dtí a ndáta íosmharthanachta nó a ndáta éagtha, más féidir leis an allmhaireoir a léiriú gur seachadadh iad ón tríú tír lena mbaineann agus go raibh siad faoi bhealach chuig an Aontas roimh theacht i bhfeidhm don Rialachán seo.

3. Na bearta idirthréimhseacha dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2, ní bheidh feidhm acu maidir le hullmhóidí nach bhfuil sé beartaithe iad a thomhailt mar atá siad, agus inar cuireadh aon cheann de na substaintí blaistithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

4. Chun críocha an Rialacháin seo, is éard is ciall le hullmhóidí meascáin ina bhfuil blastán amháin nó níos mó ná sin lenar féidir comhábhair eile bhia a mheascadh amhail breiseáin bhia, einsímí nó iompróirí chun a stóráil, díol, caighdeánú, caolú nó tuaslagadh a éascú.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

I gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

05.175	2-Feinilpeint-2-éanal	3491-63-2					2	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia
05.222	2-Feinil-4-meitil-2-heicséanal	26643-92-5					2	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia
15.029	2-(tán-búitil)-4,5-démheitil-3-tiasóilín	65894-82-8	1059				2	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia
15.030	4,5-Démheitil-2-eitil-3-tiasóilín	76788-46-0	1058				2	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia
15.060	2,4-Démheitil-3-tiasóilín	60755-05-7					2	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia
15.119	2-Iseabúitil-3-tiasóilín	39800-92-5					2	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia
15.130	5-Eitil-4-meitil-2-(2-meitiolpróipil)-tiasóilín	83418-53-5	1761				2	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia
15.131	5-Eitil-4-meitil-2-(2-búitil)-tiasóilín	83418-54-6	1762				2	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia